Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1291

3.7.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1291 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Iúil 2025**

**maidir le clárú an ainmniúcháin tionscnaimh 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' i gclár an Aontais um thásca geografacha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 99(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 de bheith infheidhme maidir le hiarratais ar chlárú tásc geografach le haghaidh fíona a fuair an Coimisiún agus a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* roimh an 13 Bealtaine 2024. Fuair an Coimisiún iarratas ar chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh (ATFC) 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' an 19 Iúil 2022, iarratas a chuir an tSlóvaic isteach.

(2) De bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foilsíodh iarratas na Slóvaice ar chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 23 Deireadh Fómhair 2023 ([3]).

(3) An 19 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún ráiteas agóide réasúnaithe ón Ungáir. Tar éis don Choimisiún a inghlacthacht a chinneadh, thug sé cuireadh don Ungáir agus don tSlóvaic an 29 Feabhra 2024 dul i mbun comhairliúcháin iomchuí chun teacht ar chomhaontú, dá bhforáiltear in Airteagal 98(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(4) D'iarr an Ungáir an 29 Bealtaine 2024 go gcuirfí síneadh leis na comhairliúcháin. Ós rud é nárbh í an tSlóvaic a chuir an iarraidh isteach, áfach, níor comhlíonadh an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 98(2), an abairt dheireanach, de Rialachán (AE) 1308/2013. Dá réir sin, níor cuireadh síneadh leis na comhairliúcháin. Tugadh na comhairliúcháin i gcrích gan chomhaontú idir an Ungáir agus an tSlóvaic. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún le cinneadh a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 99(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus torthaí na gcomhairliúchán á gcur san áireamh.

(5) D'áitigh an Ungáir ina ráiteas agóide réasúnaithe agus le linn na gcomhairliúchán leis an tSlóvaic nach raibh an t-ainm 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' le clárú toisc go raibh sé comhainmneach i bpáirt leis an ainm 'Tokaj/Tokaji' a liostaítear i gclár an Aontais um thásca geografacha le haghaidh na hUngáire. D'áitigh an Ungáir go raibh clárú an ainm a bhí beartaithe ag teacht salach ar Airteagal 100 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 dá bhrí sin. Ina theannta sin, d'áitigh an Ungáir go bhféadfaí tomhaltóirí a chur amú trí bhéim a chur ar an gcuid 'TOKAJSKÉ VÍNO' den ainm TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' trí cheannlitreacha a úsáid, rud thugann le tuiscint go gcomhlíonann na táirgí a bhfuil an t-ainm sin orthu na caighdeáin dhiana chéanna a bhfuil feidhm acu maidir le fíonta a tháirgtear mar 'Tokaj/Tokaji' na hUngáire.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).
([3]) IO C, C/2023/385, 23.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/385/oj.

(6) Ina theannta sin, chaith an Ungáir amhras ar bhailíocht chríochach an ainm 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti', agus í ag áitiú nár chomhfhreagraigh limistéar geografach an táisc sin do réigiún Tokaj mar a sainíodh go stairiúil é, agus dá bhrí sin, go bhfuil neamart déanta ag na Slóvacaigh sa chúlra stairiúil agus sna traidisiúin atá ag an Ungáir agus an tSlóvaic araon maidir le fíon Tokaj. Thug an Ungáir dá haire nach raibh ach Malá Tŕňa agus Viničky as na seacht mbardas a áirítear i limistéar geografach sainithe an táisc 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' mar chuid de réigiún Tokaj mar a sainíodh é le reachtaíocht Ostra-Ungárach a bhí i bhfeidhm idir 1908 agus 1924.

(7) Thairis sin, mhaígh an Ungáir go raibh sé níos éasca 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' a tháirgeadh ná 'Tokaj/Tokaji', rud a chuireann 'Tokaj/Tokaji' faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht. Chuige sin, thug an Ungáir dá haire gur éiligh sonraíocht táirge ATFC 'Tokaj/Tokaji' caighdeáin níos déine agus cáilíocht níos airde i gcomparáid le sonraíocht táirge 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti'. Bhain sé sin le táirgeadh fíonta atá milis go nádúrtha nó teorainneacha táirgeachta go háirithe. Ina theannta sin, le sonraíocht táirge na bhfíonta faoin ainm Slóvaicise, bhíothas in ann níos mó cineálacha fíona agus níos mó catagóirí táirgí fíniúna a tháirgeadh ná mar a ceadaíodh le sonraíocht táirge 'Tokaj/Tokaji' na hUngáire. Sa chomhthéacs sin, d'áitigh an Ungáir nárbh fhéidir táirge atá cláraithe faoin ainm céanna a tháirgeadh ar dhá bhealach ar leith.

(8) Ar deireadh, chuir an Ungáir i dtábhacht ATFC 'Vinohradnícka oblast' Tokaj' ón tSlóvaic atá ann cheana lena gcumhdaítear táirgeadh fíona atá beagnach comhionann leis an táirgeadh fíona atá san iarratas ar chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti'. Dúirt an Ungáir nach ndéanfadh sí agóid i gcoinne chlárú an ainmniúchán tionscnaimh 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' dá gcealódh an tSlóvaic ATFC 'Vinohradnícka oblast' Tokaj' atá ann cheana.

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar argóintí an ráitis agóide réasúnaithe ón Ungáir i bhfianaise Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus an fhaisnéis a fuair sé maidir leis na comhairliúcháin a rinneadh idir na páirtithe leasmhara á cur san áireamh.

(10) Sular bhreithnigh an Coimisiún argóintí na hUngáire a tharraing sí anuas san agóid, thug sé dá aire gur chláraigh an tSlóvaic an t-ainm 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' mar ainmniúchán tionscnaimh AO-45 an 22 Samhain 1967 ([4]) sa Chóras Idirnáisiúnta Ainmniúchán Tionscnaimh agus Tásc Geografach faoi Chomhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta (Comhaontú Liospóin) ([5]).

(11) Na rialacha maidir leis an aistriú ó Chomhaontú Liospóin go dtí Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (Ionstraim na Ginéive) ([6]), leagtar amach iad i Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1753 i leith ainmniúcháin tionscnaimh nach bhfuil cosanta faoi chóras an Aontais, tá rogha ag na Ballstáit ar páirtithe iad i gComhaontú Liospóin agus a d'aontaigh d'Ionstraim na Ginéive (amhail an tSlóvaic). Féadfaidh siad a roghnú clárú an ainmniúcháin tionscnaimh a iarraidh faoi chóras an Aontais agus an clárú a iarraidh faoi Ionstraim na Ginéive ina dhiaidh sin, nó féadfaidh siad cealú chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh sa Chlár Idirnáisiúnta a iarraidh ([8]).

([4]) https://lisbon-express.wipo.int/pdf/CRTINF_6376_Current%20information%20-%20AO-45.pdf. Ar dtús, ba é 'TOKAJSKÉ VÍNO z československej oblasti' an t-ainm a cláraíodh faoi Chomhaontú Liospóin, ach tar éis dhíscaoileadh na Seicslóvaice, athraíodh é go 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti'.

([5]) https://www.wipo.int/wipolex/en/text/285856.

([6]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1754/oj.

([7]) Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1753/oj).

([8]) Tá ainmniúcháin tionscnaimh eile a bhaineann le Tokaj cláraithe ag an Ungáir agus ag an tSlóvaic faoi Ionstraim na Ginéive cheana féin: an Ungáir – AO-527 'Tokaj', féach https://lisbon-express.wipo.int/pdf/CRTINF_6858_Current%20information%20-%20AO-527.pdf, agus an tSlóvaic – AO-1230 'Vinohradnicka oblast Tokaj', féach https://lisbon-express.wipo.int/pdf/CRTINF_25456_Current%20information%20-%20AO-1230.pdf.

(12) De bhun Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle ([9]), tá údarú ag na Ballstáit ar pháirtithe iad i gComhaontú Liospóin an 26 Feabhra 2020 (amhail an tSlóvaic) Ionstraim na Ginéive a dhaingniú nó aontú di a mhéid is gá a n-aontachas chun sinsearacht agus leanúnachas chosaint na n-ainmniúchán tionscnaimh atá cláraithe cheana ag na Ballstáit sin faoi Chomhaontú Liospóin a chaomhnú, chun leas an Aontais, agus chun na hoibleagáidí dá bhforáiltear le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/1753 a chomhlíonadh.

(13) Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, is réamhriachtanas é an t-iarratas ar chlárú 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' i gcóras an Aontais chun ainmniúchán tionscnaimh AO-45 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' a chlárú go hidirnáisiúnta faoi Ionstraim na Ginéive agus chun na cearta tosaíochta lena mbaineann a chaomhnú. In éagmais chlárú 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' i gcóras an Aontais, ní bheadh údarás ag an tSlóvaic an t-ainmniúchán tionscnaimh AO 45 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' a chlárú faoi Ionstraim na Ginéive agus chaillfeadh sí cosaint an ainmniúcháin tionscnaimh faoi Chomhaontú Liospóin.

(14) A mhéid a bhaineann le hargóint na hUngáire maidir le comhainmneachas, measann an Coimisiún go bhfuil 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' comhainmneach i bpáirt leis an ATFC de chuid na hUngáire, 'Tokaj/Tokaji'. I gcomhréir le hAirteagal 100(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tá úsáid áitiúil agus thraidisiúnta agus aon riosca mearbhaill le cur san áireamh i gcásanna den sórt sin. A mhéid a bhaineann leis an riosca mearbhaill sin go háirithe, níl ainm comhainmneach le tomhaltóirí a chur amú sa chaoi go gcreidfidís go dtagann táirgí ó chríoch eile.

(15) Maidir le húsáid áitiúil agus thraidisiúnta, dearbhaíonn an Ungáir agus an tSlóvaic araon gur caomhnaíodh traidisiúin fíonsaothrúcháin réigiún Tokaj leis na céadta bliain. Tá an réigiún sin suite in oirthuaisceart na hUngáire agus in oirdheisceart na Slóvaice, agus táirgeann an Ungáir agus an tSlóvaic araon fíonta Tokaj agus cuireann siad cosaint ainmneacha na bhfíonta lena mbaineann ar láimh shábháilte. Léirigh an tSlóvaic gur ainm é 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' a thugtar ar fhíon Tokaj, ainm a úsáidtear go traidisiúnta sa tSlóvaic i dtaca leis an limistéar geografach comhfhreagrach atá críochaithe ag an tSlóvaic. Tacaítear leis an ráiteas sin maidir leis an bhfocal 'Tokaj' a thabhairt ar fhíon Slóvacach trí reachtaíocht na Slóvaice a bheith ann i dtaca le fíon Tokaj ó bhí 1959 ann agus trí chosaint an ainm 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' faoi Chomhaontú Liospóin ó bhí 1967 ann.

(16) Maidir leis an riosca mearbhaill, ar an gcéad dul síos, tagraítear leis an ainm d'fhíorthionscnamh an táirge, i.e. réigiún Tokaj, a bhfuil cuid de sa tSlóvaic agus cuid eile san Ungáir, agus úsáideadh an t-ainm go traidisiúnta sa dá chuid de réigiún trasteorann Tokaj. Ní fios don Choimisiún go bhfuil mearbhall ar thomhaltóirí mar thoradh ar na himthosca sin. Os a choinne sin, is eol do thomhaltóirí stair fhada na bhfíonta a bhfuil an t-ainm 'Tokaj' orthu sa dá thír. Toisc go raibh fíonta Tokaj na hUngáire agus fíonta Tokaj na Slóvaice ar an margadh le chéile agus an clú a bhí orthu ag fás, lorg an Ungáir agus an tSlóvaic araon cosaint d'ainmneacha na bhfíonta lena mbaineann. Mar thoradh air sin, cláraíodh dhá ainm mar ATFCanna in 2006 lena dtagraítear do réigiún Tokaj, i.e. 'Tokaj/Tokaji' i gcás na hUngáire agus 'Vinohradnícka oblast' Tokaj' i gcás na Slóvaice. Bhí na ATFCanna sin ann le chéile sa réigiún fíona trasteorann céanna, gan aon mhearbhall a chur ar dhaoine ([10]). Níl aon chúis lena chreidiúint go mbeidh baol mearbhaill ann leis an ainm Ungáirise mar thoradh ar an iarraidh seo ar ATFC Slóvacach eile a chlárú ar a bhfuil an t-ainm 'Tokaj'.

(17) Ar an dara dul síos, ní hionann ainm an fhíona Ungáraigh agus ainm an fhíona Slóvacaigh. Níl na hainmneacha comhainmneach ach i bpáirt. Is ainm comhshuite é 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' sa tSlóvaicis, lena ndéantar tagairt do 'Tokaj' trí aidiacht a úsáid ('TOKAJSKÉ').

---

([9]) Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1754/oj).

([10]) Ar an gcuma chéanna, in earnáil na dtáirgí talmhaíochta, tá samplaí eile ann de thásca geografacha comhbheitheacha lena n-ainmnítear táirgí comhchosúla agus lena dtagraítear do limistéir gheografacha atá roinnte idir Ballstáit, e.g., 'Steirisches Kürbiskernöl' (TGFC) ón Ostair agus 'Štajersko Prekmursko Bučno Olje' (TGFC) ón tSlóivéin nó 'Jambon d'Ardenne' (TGFC) ón mBeilg agus 'Jambon sec des Ardennes/Noix de Jambon sec des Ardennes' (TGFC) ón bhFrainc.

(18) Ar an tríú dul síos, tá comhpháirt gheografach ‘zo slovenskej oblasti’ (‘ón limistéar Slóvacach’) san ainm Slóvaicise, lena léirítear go soiléir an tír thionscnaimh agus lena laghdaítear a thuilleadh an baol mearbhaill. Mar a mhínigh an tSlóvaic, úsáideadh an chomhpháirt gheografach sin cheana agus an t-ainmniúchán tionscnaimh AO 45 ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’ á chlárú faoi Chomhaontú Liospóin d’fhonn idirdhealú soiléir a dhéanamh idir ainmniúchán tionscnaimh na hUngáire agus ainmniúchán tionscnaimh na Slóvaice.

(19) Ar an gceathrú dul síos, ceanglaítear le hAirteagal 119(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go gcuimsítear tásc bunáitíochta i lipéadú agus i gcur i láthair fíona san Aontas. Ciallaíonn sé sin, i dtéarmaí praiticiúla, go bhfuil faisnéis maidir le tír thionscnaimh an fhíona éigeantach. Dá bhrí sin, is iondúil go luaitear ar lipéid fíona ‘fíon de chuid...’, ‘fíon ó/ón...’, ‘i/in/sa ... a táirgeadh’ nó ‘táirge de chuid...’. Tugann sé sin soiléiriú breise ar thionscnamh an fhíona agus déantar idirdhealú breise idir fíonta Tokaj a tháirgtear san Ungáir ar thaobh amháin agus fíonta Tokaj a tháirgtear sa tSlóvaic ar an taobh eile.

(20) Ar an gcúigiú dul síos, a mhéid a bhaineann leis an mbéim ar réigiún Tokaj trí úsáid a bhaint as ceannlitreacha, ceist a tharraing an Ungáir anuas, mhínigh an tSlóvaic go raibh gá leis na ceannlitreacha a úsáidtear san ainm, a cuireadh isteach lena chlárú faoi chóras an Aontais, chun a áirithiú go ndéanfaí an t-ainm atá le clárú faoi Ionstraim na Ginéive a ailíniú leis an ainm atá cláraithe cheana faoi Chomhaontú Liospóin. Ar scor ar bith, ar bhonn na ngnéithe lenar féidir idirdhealú a dhéanamh idir Tokaj na hUngáire agus Tokaj na Slóvaice, mar a mhínítear in aithrisí 16, 17, 18 agus 19, ní mheastar go bhféadfaí an baol mearbhaill a mhéadú trí cheannlitreacha a úsáid san ainm ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’.

(21) Ar bhonn na ngnéithe sin uile, measann an Coimisiún, agus é ag féachaint don úsáid áitiúil agus thraidisiúnta agus don easpa riosca mearbhaill, go háirithe toisc nach gcuirtear tomhaltóirí amú sa chaoi go gcreidfidís go dtagann táirgí ó chríoch eile, nach gcuireann an comhainmneachas páirteach cosc ar chlárú an ainm ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’.

(22) A mhéid a bhaineann le hargóint na hUngáire nach gcomhfhreagraíonn limistéar geografach ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’ do réigiún Tokaj mar a sainíodh go stairiúil é, tugann an Coimisiún dá aire go dtáirgtear fíonta Tokaj anois in dhá limistéar gheografacha ar leith in dhá Bhallstát cé go bhfuil stair fíonsaothrúcháin ag baint le fíonta Tokaj na hUngáire agus fíonta Tokaj na Slóvaice araon. Tá seacht mbardas Shlóvacacha i limistéar geografach ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’. Bhunaigh an tSlóvaic an limistéar sin go foirmiúil in 1959 ina reachtaíocht náisiúnta mar limistéar táirgthe fhíonta Tokaj ón tSlóvaic. D’fhéadfadh athrú teacht ar réigiúin fíona le himeacht ama agus d’fhéadfadh a dteorainneacha críochacha a bheith éagsúil leis an gcaoi a raibh siad na céadta bliain ó shin, ach níl aon cheist ann faoi bharántúlacht na háite tionscnaimh.

(23) Léirigh an tSlóvaic comhlíontacht leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, lena n-áirítear an coincheap ‘ainmniúchán tionscnaimh’ a shainmhínítear in Airteagal 93(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Go háirithe, léirigh an tSlóvaic an nasc idir an táirge agus an timpeallacht gheografach lena tosca dúchasacha nádúrtha agus daonna. Luaigh an tSlóvaic freisin go bhfuil an limistéar geografach sin agus modh táirgthe fhíon Tokaj na Slóvaice á rialú sa tSlóvaic ó bhí 1959 ann. Ní féidir a mheas gur foras leordhóthanach é tagairt ón Ungáir do theorannú stairiúil a léiríodh é i ndlí a bhí i bhfeidhm san Impireacht Ostra-Ungárach in 1908 chun agóid a dhéanamh i gcoinne chríochú an limistéir ag an tSlóvaic ná i gcoinne an naisc idir an limistéar sin agus saintréithe fhíon Tokaj na Slóvaice. Dá bhrí sin, diúltaíonn an Coimisiún don chaoi a bhfuil an Ungáir ag caitheamh amhras ar bhailíocht chríochach ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’ agus don chaoi a bhfuil sí ag iarraidh an limistéar geografach sainithe a chumhdaítear le ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’ a ailíniú le limistéar geografach Tokaj mar a léiríodh é i ndlí a bhí i bhfeidhm san Impireacht Ostra-Ungárach in 1908.

(24) A mhéid a bhaineann le dearbhú na hUngáire go gcuirtear táirgeoirí Ungáracha faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht de dheasca na gceanglas níos deacra agus níos déine maidir le sonraíocht táirge ‘Tokaj/Tokaji’ na hUngáire i gcomparáid le sonraíochtaí táirge ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’ na Slóvaice, is é an tuairim atá ag an gCoimisiún gur ainmneacha ar leith iad ‘Tokaj/Tokaji’ agus ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’ agus go mbaineann siad le sonraíochtaí táirgí ar leith. Chun críoch an iarratais seo ar chlárú, ní cheanglaítear ar an tSlóvaic sonraíocht táirge ‘Tokaj/Tokaji’ na hUngáire a chomhlíonadh. Ar an gcuma chéanna, ní cheanglaítear ar an Ungáir a rialacha a ailíniú le sonraíocht táirge Shlóvacach ‘Vinohradnícka oblasť Tokaj’ nó ‘TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti’ agus tá saoirse aici a ceanglais féin maidir le fíon ‘Tokaj/Tokaji’ a bhunú agus a choinneáil ar bun. Níl aon cheanglas i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 an tsonraíocht táirge chéanna a bheith ag ainmneacha atá comhainmneach i

bpáirt. In éagmais aon riosca mearbhaill idir ATFCanna na Slóvaice agus na hUngáire, ní dhéanann na caighdeáin a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le chéile difear don mheasúnú faoi Airteagal 100 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Dá bhrí sin, tá sé gan bhunús saincheist maidir le míbhuntáiste san iomaíocht a tharraingt anuas mar thoradh ar cheanglais níos déine sonraíochta táirge ATFC shonraigh i gcomparáid le sonraíocht táirge ATFC eile. Mar chonclúid, ba cheart diúltú do mhaíomh na hUngáire maidir le míbhuntáiste san iomaíocht de dheasca ceanglais táirgthe níos déine.

(25) A mhéid a bhaineann le ráiteas na hUngáire nach ndéanfadh sí agóid i gcoinne chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' dá gcealódh an tSlóvaic an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Vinohradnícka oblasť Tokaj' atá ann cheana, is é an tuairim atá ag an gCoimisiún gur faoin tSlóvaic atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is iomchuí. Dheimhnigh an tSlóvaic go raibh ATFC 'Vinohradnícka oblasť Tokaj' in úsáid agus nach raibh sé beartaithe aici é a chealú. Dar leis an gCoimisiún, ní bhraitheann clárú 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' (ATFC) ar chealú 'Vinohradnícka oblasť Tokaj' (ATFC), ar mian leis an tSlóvaic a n-úsáid agus a gcosaint a choinneáil, ós rud é gur dhá ainm éagsúla iad sin.

(26) Mar chonclúid, ní thugann aon cheann de na hargóintí a tharraing an Ungáir anuas údar le diúltú don iarratas ar chlárú. Dá réir sin, ba cheart an t-ainmniúcháin tionscnaimh 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha.

(27) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an t-ainmniúchán tionscnaimh 'TOKAJSKÉ VÍNO zo slovenskej oblasti' a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1143.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN